Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**7568/21**

**LIMITE**

**CORLX 192**
**CFSP/PESC 329**
**CSDP/PSDC 154**
**COEST 69**
**RELEX 268**
**CONUN 47**
**EUAM UKRAINE 7**
**CSC 131**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) |

**CINNEADH (CBES) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasítear Cinneadh 2014/486/CBES**
**maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh**
**le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin**
**(EUAM Ukraine)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine)[1].

(2) An 13 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/761[2], lenar cuireadh síneadh le sainordú EUAM Ukraine go dtí an 31 Bealtaine 2021.

(3) I gcomhthéacs athbhreithniú straitéiseach ar EUAM Ukraine, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh le EUAM Ukraine go dtí an 31 Bealtaine 2024 agus go ndéanfaí measúnú straitéiseach tar éis dhá bhliain, measúnú a bheadh dírithe ar an éabhlóid sa ghné pholaitiúil.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le Cinneadh 2014/486/CBES go dtí an 31 Bealtaine 2024.

(5) Cuirfear EUAM Ukraine i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh dul i ndonas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 217, 23.7.2014, lch. 42.

2 Cinneadh (CBES) 2019/761 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2019 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialtaí san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L 125, 14.5.2019, lch. 16).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 14(1), cuirtear an fomhír seo a leanas leis:

‘Is é EUR 88 500 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUAM Ukraine a chumhdach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go 31 Bealtaine 2024.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

*'Airteagal 18*
*Athbhreithniú straitéiseach*

Déanfar measúnú straitéiseach ar EUAM Ukraine tar éis an 31 Bealtaine 2023, measúnú a bheidh dírithe ar an éabhlóid sa ghné pholaitiúil.’;

(3) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Beidh feidhm aige go dtí an 31 Bealtaine 2024.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---